

**Foirm EII 1**  
**Faoiseamh i leith infheistíochta i dtrádálacha corpraithe faoi Chuid 16 den**  
**Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC), 1997**



**Ráiteas agus dearbhú de réir bhrí ailt 501(3) agus 501(5) den ACC, 1997**

Nuair a bheidh an fhoirm seo comhlánaithe ina hiomláine, ba chóir í a sheoladh chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim  
An Brainse Dreasachtaí  
An Foirgneamh Stampála  
Caisleán Bhaile Átha Cliath  
Baile Átha Cliath 2  
D02 HW86

Féadtar aon chlúdach litreach a úsáid agus scríobh "Saorphost" os cionn an tseolta. Ní theastaíonn stampa.

De rogha air sin, féadtar é a sheoladh chuig eiiadmin@revenue.ie trí **mochúrsaí** nó trí ROS.

Féach ar na Nótaí ar leathanaigh 8 agus 9 sula ndéanann tú an fhoirm seo a chomhlánú.

**Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach bpróiseálfar iarratais neamhiomlána agus seolfar ar ais chuig an iarratasóir iad chun iad a chomhlánú. Ní mór freagra a thabhairt ar cheisteanna atá marcáilte le réiltín dearg, agus féach ar nóta 3 maidir le cé nach mór na ceisteanna eile a fhreagairt. Aon iarratais nach bhfuil na cáipéisí riachtanacha tacaíochta san áireamh iontu, caithfear leo mar iarratas neamhiomlán.**

**1. Sonraí na cuideachta**

- \* 1.1 Ainm
- \* 1.2 Uimhir Tagartha Cánach Corparáide
- 1.3 Uimhir Clárúcháin Fostóra   
(Luaigh an uimhir thagartha agus an t-ainm, má tá siad éagsúil, faoina ndéanann an chuideachta trádála ÍMAT/ÁSPC a thuairisciú ar son a fostaithe)
- 1.4 Dáta Corpraithe
- 1.5 Seoladh le haghaidh comhfhreagrais
- 1.6 Tír an chorpraithe [alt 494(2)]
- 1.7 Tír na cónaitheachta cánach [alt 494(3)(a)]
- 1.8 An bhfuil an chuideachta neamhluaite? [alt 494(3)(a)] Tá  Níl
- 1.9 Tá an cuideachta ann chun críocha (ná cuir tic ach le bosca amháin):
- 1.9.1 Gníomhaíochtaí trádála cáilitheacha a dhéanamh [alt 494(3)(a)(i)]
- 1.9.2 Scaireanna i bhfochuideachtaí trádála a choinneáil nó iasachtaí d'fhochuideachtaí trádála a dhéanamh [alt 494(3)(a)(ii)(I)]
- 1.9.3 Trádáil na cuideachta a dhéanamh agus scaireanna / iasachtaí a choinneáil i bhfochuideachtaí trádála [alt 494(3)(a)(ii)(II)]
- \* 1.10 Ní bhreathnaítear ar an gcuideachta mar chuideachta a bhfuil deacrachtaí aici [alt 494(18)] (féach ar nóta 9)
- \* 1.11 Tá cúrsaí cánacha na cuideachta in ord agus suas chun dáta faoi láthair [alt 501(9)]
- \* 1.12 Tá scairchaipiteal na cuideachta íoctha in iomlán [alt 494(11)]
- 1.13 Doiciméid le ceangal:**
- 1.13.1 Deimhniú corpraithe
- 1.13.2 Má tá foinsí eile ioncaim ag an gcuideachta seachas ioncam trádála, cuir anailís ar fáil ar an ioncam sin thar thréimhse 3 bliana, bunaithe ar an tábla samplach anailíse ag deireadh na foirme seo.
- 1.13.3 Imréiteach cánach reatha

## \* 2. Dearbhú

Dearbhaím ar feadh m'eolais agus mo thuairime:

- (i) go bhfuil an t-eolas go léir ar an bhfoirm seo cruinn;
- (ii) gur cuideachta cáilitheach í an chuideachta de réir bhrí alt 494 den ACC, 1997;
- (iii) go leanfaidh an chuideachta agus aon fhochuideachtaí tríd an tréimhse ábhartha a bheith chomhlíontach le hait 494(3), 494(11), 494(12) den ACC, 1997;
- (iv) nach bhfuil aon rud tarlaithe, nó níl coinne leis go dtarlóidh aon rud a laghdódh an méid faoisimh atá ar fáil d'aon duine de na scairshealbhóirí, a bhfuil faoiseamh á lorg ina leith; agus
- (v) gur eisíodh chun críocha *bona fide* tráchtála na scaireanna a bhfuil an faoiseamh á lorg ina leith agus ní mar chuid de scéim nó de chomhshocraíocht arb é an príomhchuspóir, nó ceann de na príomhchuspóirí, atá léi cáin a sheachaint.

Dearbhaím, má tharlaíonn aon imeacht is cúis le faoiseamh a tharraingt siar, ina iomláine nó i bpáirt, nach mór don chuideachta agus d'aon duine atá ceangailte leis an gcuideachta a bhfuil eolas acu i leith na himeachta, faoi alt 503(1) agus alt (503(2) den ACC, 1997, é sin a chur ar an eolas do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 60 lá.

Nuair a rinne an chuideachta iarratas ar fhaomhadh ar 15 Nollaig 2017, dearbhaím sa chás go bhfuil aon athrú tagtha ar an eolas a soláthraíodh ar an iarratas, go mbeidh an t-eolas cuí suas chun dáta curtha ar fáil agam ar an bhfoirm seo.

Admhaím má fhaightear amach go bhfuil eolas ar an ráiteas seo bréagach nó míthreorach, go mbeidh an chuideachta faoi dhliteanas pionós €4,000 a íoc faoi alt 501(6) den ACC, 1997.

Síniú \_\_\_\_\_

Cáil: Rúnaí na Cuideachta

Ainm \_\_\_\_\_

Dáta 

L	L	M	M	B	B
---	---	---	---	---	---

## 3. Gnóthas a aithint [alt 494(4A)]

3.1 An bhfuil an chuideachta mar chuid de ghrúpa? (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014) Tá  Níl

3.2 I gcás na scaireanna in aon fhochuideachta cáilitheach, an bhfuarthas iad ó dhuine eile sa dá bhliain roimhe seo? [alt 498] Fuarthas  Ní  bhfuarthas

Má fuarthas, cuir sonraí ar fáil den duine nó de na daoine óna bhfuarthas iad, is é sin ainm, seoladh, gaol leis an gcuideachta cáilitheach, achoimre den idirbheart

3.3 An bhfuil an chuideachta nasctha (féach nóta 10) le fiontar eile? Tá  Níl

3.4 An meastar an chuideachta a bheith ina fhiontar comhpháirtíochta (féach nóta 11) le fiontar eile? Meastar  Ní  mheastar

### 3.5 Doiciméid le ceangal:

- 3.5.1 Struchtúr an ghrúpa, lena n-áirítear **gach uile** chuideachta (Éireannach agus neamh-Éireannach araon agus trádála agus neamhtrádála araon), scairshealbháin eile ag na daoine aonair ag barr an struchtúir chorparáidigh agus trádálacha a bhfuil scairshealbhóirí ina mbun ina n-ainm féin. Ní mór an méid seo a leanas a chur ar fáil i dtaca le gach cuideachta/trádáil:
- (a) Ainm na cuideachta / trádála
- (b) % na húinéireachta
- (c) Ainmneacha agus UPSPanna / Náisiúntacht stiúirthóirí na cuideachta (más cuí)
- (d) Uimhir tagartha cánach corparáide (más cuí)
- (e) Cineál na trádála
- (f) An dáta a tosaíodh an trádáil, agus má fuarthas an trádáil sin ó dhuine eile, sonraí an fháltais sin.
- 3.5.2 Aon chomhaontuithe scairshealbhóirí
- 3.5.3 Sonraí maidir le haon athruithe i scairshealbháin sa chuideachta, nó ag scairshealbhóirí rialaithe sa chuideachta, sa bhliain roimh an ráiteas a thíolacadh. Is  ea Ní  hea
- 3.5.4 Sonraí maidir le haon fháltas nó aistriú trádála a raibh páirt ag an gcuideachta ann, sa bhliain roimh an ráiteas a thíolacadh. Is  ea Ní  hea
- 3.5.5 Foirm B1, mar a tíolacadh don Oifig um Chlárú Cuideachtaí é, agus an Fhoirm B5 i dtaca le haon scaireanna a eisíodh tar éis dháta na Foirme B1

## 4. Sonraí an ghnóthais

- 4.1 Dáta an chéad díolacháin tráchtála [alt 494(4A)]
- 4.2 Is éard atá sa ghnóthas ná [alt 494(4)] (ná cuir tic ach le ceann amháin):
- 4.2 1 Micrifhiontar
- 4.2 2 Fiontar beag
- 4.2 3 Fiontar meánmhéide
- Féach Nóta 8 chun sonraí a fháil ar na trí chatagóir seo.
- 4.3 Doiciméid le ceangal:
- 4.3.1 Sonraí an chéad díolacháin tráchtála. I mórán cásanna, is é seo an dáta a thosaigh an trádáil.
- 4.3.2 Na figiúirí a úsáideadh mar thaca do rangú an ghnóthais mar mhicrifhiontar, mar fhiontar beag / mar fhiontar meánmhéide. Nuair nach bhfuil cuntais na cuideachta tíolactha don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, nó má tá cuntais ghiorraithe tíolactha, ba chóir cuntais iomlána a cheangal mar thaca leis na figiúirí.

## 5. Sonraí trádála

- 5.1 Cineál na trádála [alt 494(3)(a)(i)]
- 5.2 Dáta tosaigh na trádála [alt 489(4)(a) agus alt 501(1)(a)(ii)(II)] (ní mór an trádáil a bheith ar bun ag an gcuideachta trádála ar feadh 4 mhí ar a laghad roimh aon éileamh a dhéanamh).
- \*5.3 Ní bheidh tús curtha ag an gcuideachta le trádáil ag an tráth a eisítear na scaireanna, agus tá an maoiniú le húsáid chun tacú le gníomhachtaí Taighde agus Forbartha (T&F), [alt 489(4)(b)(ii) agus alt 501(1)(a)(i)] ní mór ar a laghad 30% den mhéid a bhailítear a bheith caite ar ghníomhaíochtaí T&F roimh éileamh a dhéanamh.

Tabharfar faill dhá bhliain chun éilimh a dhéanamh, ag tosú ag deireadh na bliana measúnaithe inar eisíodh na scaireanna ón uair a bhí an trádáil ar bun ar feadh 4 mí, nó má chaitear 30% den mhéid a bhailítear ar T&F, más cuí.

- 5.4 An bhfuarthas an trádáil, nó cuid den trádáil, ó dhuine eile i rith an dhá bhliain roimhe? [alt 494(4A) agus alt 498] Má fuarthas, cuir sonraí ar fáil den duine nó de na daoine óna bhfuarthas iad, is é sin ainm, seoladh, gaol leis an gcuideachta cáilitheach, achoimre den idirbheart
- Fuarthas  Ní   
bhfuarthas

- 5.5 Ainm agus seoladh na cuideachta ina bhfuil, nó ina mbeidh na gníomhaíochtaí trádála ar bun

- 5.6 An mbeidh ceann díobh seo ar bun ag an gcuideachta:
- 5.6.1 Seirbhísí airgeadais arna dtrádáil go hidirnáisiúnta? [alt 494(5)]
- 5.6.2 Gnóthais tráchta turasóireachta? [alt 494(6)]
- 5.6.3 Gníomhaíochtaí fuinnimh ghlais? [alt 494(7)]
- 5.6.4 Gníomhaíochtaí eile trádála?

### 5.7 Doiciméid le ceangal:

- 5.7.1 Déan cur síos ar na gníomhaíochtaí trádála ar tugadh fúthu agus déan cur síos ar dhíolacháin tosaigh má thosaigh an chuideachta i mbun trádála le gairid.
- 5.7.2 Ceadú ó Fáilte Ireland nó Fiontraíocht Éireann, más cuí.
- 5.7.3 Cruthúnas go ndearnadh iarratas ar nascadh leis an ngreille, más cuí.
- 5.7.4 Má tá an chuideachta i mbun gníomhaíochtaí réamhthrádála T&F, ní mór príomhghnéithe an T&F cáilitheach faoi alt 766 a aithint, is é sin:
- (a) Céard iad na gníomhaíochtaí córasacha, iniúchacha nó trialacha?
- (b) Cén réimse eolaíochta nó teicneolaíochta lena mbaineann siad?
- (c) An bhfuil na gníomhaíochtaí úd a dhéantar á ndéanamh d'fhonn: taighde bunúsach; taighde feidhmeach nó forbairt thrialach a dhéanamh?
- (d) Cén fhorbairt eolaíoch nó theicneolaíoch a bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach?
- (e) Cén éiginnteacht eolaíoch nó theicneolaíoch a mbeidh siad ina réiteach uirthi?

## 6. Sonraí infheistíochta

- 6.1 Táthar ag súil leis: (ná cuir tic ach le bosca amháin):
- 6.1.1 go mbeidh an chuideachta i mbun a cuid gníomhaíochtaí trádála ar feadh tréimhse ceithre bliana ón dáta a eisíodh na scaireanna, nó más rud é nach raibh an trádáil tosaithe ag an bpointe sin, tréimhse ceithre bliana ón dáta a tosaíodh an trádáil [alt 494(3)(a)]
- 6.1.2 go bhfaighidh an chuideachta scaireanna i bhfochuideachta a bheidh i mbun na ngníomhaíochtaí trádála cuí don tréimhse riachtanach 4 bliana [alt 494(3)(a)(ii)(I) agus alt 494(3)(b)]
- 6.1.3 go bhfaighidh an chuideachta scaireanna i bhfochuideachta atá i bhfeidhm chun tacú le gníomhaíochtaí trádála na cuideachta nó a fochuideachtaí eile [alt 494(3)(a)(ii)(II) agus alt 494(3)(b)]

Nó

- 6.1.4 go ndéanfaidh an chuideachta meascán de 6.1.1, 6.1.2 agus 6.1.3.

6.2 An bhfuil an méid a bhailigh an gnóthas faoi SURE / BES / EII níos mó ná:

- 6.2.1 €5,000,000 i dtréimhse 12 mhí ag críochnú ar dháta eisithe na scaire [alt 491(4)] Tá  Níl
- 6.2.2 €15,000,000 ina iomlán [alt 491(2) agus (3)]. Tá  Níl

- 6.3 Ag an am a rinneadh an chéad iarratas ar mhaoiniú SURE / BES / EII, cé acu den mhéid seo a leanas a bhaineann le hábhar [alt 494(4A)] (ná cuir tic ach le bosca amháin):
- 6.3.1 Níor thosaigh an gnóthas ag dul i mbun gnó fós
- 6.3.2 Tá an gnóthas i mbun gnó ar feadh 7 mbliana nó níos lú ó dháta an chéad díolacháin tráchtála
- 6.3.3 Teastaíonn an chéad bhabhta maoinithe seo ón ngnóthas chun dul isteach i margadh nua táirge nó geografach, agus léirítear sa phlean gnó a thacaíonn don bheart sin go dteastaíonn caipiteal ón ngnóthas atá níos mó ná 50% dá meán-láimhdeachas bliantúil sna 5 bliana roimhe.

Nuair is é seo an dara huair nó uair ina diuidh sin atá an chuideachta ag iarraidh SURE / BES / EII a bhailiú, ní mór ceisteanna 6.3 agus 6.4 a fhreagairt. Sa chás gurb é seo an chéad uair atá an chuideachta ag iarraidh SURE / BES / EII a bhailiú, ba chóir ceist 6.3 a fhreagairt agus ansin léim go ceist 6.5.

- 6.4 I gcás an dara hiarratas nó iarratais dá éis sin ar fhaoiseamh faoi SURE / BES / EII, chomh maith le riachtanais cheist 6.2 a bheith chomhlíonta ag an am a fuarthas SURE / BES / EII den chéad uair, an bhfacthas sa phlean gnó a úsáideadh chun maoiniú le tacú SURE / BES / EII a bhailiú [alt 494(4A)] an seans go mbeadh infheistíocht eile ag teastáil? Chonacthas  Ní fhacthas

## 6.5 Doiciméid le ceangal:

- 6.5.1 Cur síos ar an úsáid a mbainfear as an maoiniú, lena n-áirítear an chaoi a gcabhróidh sé go díreach le fostaíocht a chruthú nó a choinneáil sa chuideachta [alt 489(1)(c)]. Táthar ag súil leis go mbeidh sé seo clúdaithe sa phlean gnó.
- 6.5.2 I gcás an maoiniú le hinfheistiú i bhfochuideachta, sonraí faoin gcaoi a ndéanfar an infheistíocht.
- 6.5.3 Cóip den phlean gnó don chéad bhabhta maoinithe. Sa chás gur tharla an chéad bhabhta roimh 13 Deireadh Fómhair 2015 agus gan aon phlean gnó foirmiúil a bheith i bhfeidhm (i dtaca le héileamh SURE, mar shampla), ba chóir fianaise a chur san áireamh a thacaíonn leis an gcoinníoll seo a bheith comhlíonta. Más iarratas é seo i dtaca le EII a bhailiú den chéad uair, ba chóir dréachtphlean gnó a chur ar fáil mura bhfuil leagan deiridh ar fáil fós. Ba chóir do chuideachtaí a thabhairt faoi deara nach bhféadtar EII a éileamh i leith infheistíocht dá éis ach amháin más rud é go dtugtar tuar sa phlean gnó ón gcéad bhabhta maoinithe go mbeadh gá le hinfheistíocht eile chun na críche sin.
- 6.5.4 Ráiteas bainc na cuideachta ar a léirítear na hinfheistíochtaí, más cuí.

**Níor chóir an chuid seo a chomhlánú ach amháin le haghaidh saincheisteanna a roinnt a rinneadh an 2 Samhain 2017 nó roimhe sin.**

## 7. Sonraí scairshealbhóirí nua – scairshealbhóirí ceangailte

- 7.1 Maidir le haon duine aonair a rinne suibscríobh do scaireanna, nó duine ar bith atá bainteach leis an duine aonair sin, an bhfuil siad i gcomhpháirtíocht leis an gcuideachta? [alt 492(2)(a)] Tá  Níl
- 7.2 Maidir le haon duine aonair a rinne suibscríobh do scaireanna, nó duine ar bith atá bainteach leis an duine aonair sin, an stiúrthóir nó fostaí iad den chuideachta nó de chuideachta comhpháirtíochta? [alt 492(2)(b)] Is ea  Ní hea
- 7.2.1 Más ea, dearbhaítear nach ndéanfaidh an chuideachta aon mhéid a íoc, ar feadh tréimhse 4 bliana ón dáta a eisítear na scaireanna, leis an stiúrthóir / fostaí sin seachas méideanna a bhaineann le gnáthluach saothair, aisíocaíocht costas taistil nó costais eile agus méideanna eile a cheadaítear faoi alt 492(3), den ACC, 1997. Dearbhaíonn  Ní dhearbhaíonn
- 7.3 An bhfuil iomlán scairchaipitil eisithe na cuideachta agus caipiteal iasachta na cuideachta €500,000 nó níos mó? [alt 492(8)(a)] Tá  Níl
- 7.4 An bhfuil aon daoine aonair ann a rinne suibscríobh do scaireanna ar leo os cionn 30% den mhéid seo a leanas, nó an bhfuil aon daoine aonair ann a rinne suibscríobh do scaireanna atá i dteideal (bíodh sé go díreach nó go hindíreach), os cionn 30% den mhéid seo a leanas a fháil:
- 7.4.1 Gnáth-scairchaipiteal na cuideachta? [alt 492(4)(a)] Tá  Níl
- 7.4.2 Caipiteal ó iasacht agus scairchaipiteal eisithe na cuideachta? [alt 492(4)(b)]? Tá  Níl
- 7.4.3 An chumhacht vótála sa chuideachta? [alt 492(4)(c)]? Tá  Níl

7.5 An bhfuil aon daoine ann a rinne suibscríobh do scaireanna atá i dteideal (bíodh sé go díreach nó go hindíreach) 30% de shócmhainní na cuideachta ar a foirceannadh, nó atá i dteideal cearta den chineál sin a fháil? [alt 492(6)] Tá  Níl

7.6 An bhfuil aon daoine aonair ann a rinne suibscríobh do scaireanna atá i dteideal an chuideachta a rialú mar gheall ar na cearta vótála a bhaineann lena scaireanna, nó mar gheall ar na cumhachtaí a bhronntar orthu trí bhunreacht na cuideachta? [alt 492(7)] Tá  Níl

### 7.7 Doiciméid le ceangal

7.7.1 Nuair a thugann cuideachta 'níl' mar fhreagra ar cheist 7.3 agus 'tá' ar cheisteanna 7.4, 7.5 nó 7.6, ba chóir sonraí faoi chaipiteal gnáthscaireanna agus caipiteal ó iasacht na cuideachta a chur ar fáil. Ba chóir go gcuirfí san áireamh leis seo gach méid atá dlite ag an gcuideachta atá amuigh ar feadh níos mó ná 30 lá.

## 8. Sonraí scairshealbhóirí – eile

\* 8.1 Cuir tic leis na cinn a bhaineann le hábhar:

\* 8.1.1 Is ar a son féin atá gach scairshealbhóir tar éis suibscríobh a dhéanamh do scaireanna [alt 492(1)(a)] nó

\* 8.1.2 Tá cuid de na scairshealbhóirí, nó iad uile, ag déanamh infheistíochta trí chuideachta ainmní [alt 506(1)]

### 8.2 Doiciméid le ceangal

\* 8.2.1 Nuair is trí chuideachta ainmní a dhéantar infheistíochtaí (seachas infheistíochtaí ag ciste ainmnithe), teastaíonn cóip den chomhaontú iontaobhais.

\* 8.2.2 Sceideal d'ainm agus seoladh gach suibscríobhaí, Uimhir PSP gach suibscríobhaí, cur síos ar na scaireanna a bhfuil suibscríobh déanta lena n-aghaidh agus a luach ainmniúil, an líon scaireanna a bhfuil suibscríobh déanta lena n-aghaidh agus méid iomlán in euro a bhfuil suibscríobh déanta lena n-aghaidh. Tá sceideal samplach ar fáil ag bun na foirme seo.

\* 8.2.3 Foirm B5 stampáilte ar a léirítear eisiúint na scaireanna

\* 8.2.4 Ráitis bainc na cuideachta ar a léirítear go bhfuarthas an méid suibscríbhinne.

## 9. Scaireanna incháilithe

\* 9.1 Scaireanna eisithe is ea na gnáthscaireanna [alt 488(1)]

\* 9.2 Ní ghabhann aon chearta tosaíochta leo anois ná ní ghabhfaidh amach anseo [alt 488(1)]

### 9.3 Doiciméid le ceangal

\* 9.3.1 Aon chomhaontuithe scairshealbhóirí

\* 9.3.2 Cóip de bhunreacht na cuideachta ar a léirítear na cearta a ghabhann le gach scair

\* 9.3.3 Cóip d'aon chomhaontú eile a bhaineann leis an infheistíocht

## 10. Toradh ar Luach – roimh eisiúint na scaireanna [alt 497(10)(a) agus alt 499(5)]

\* 10.1 Sa tréimhse dhá bhliain roimh eisiúint na scaireanna, an bhfuil aon cheann dá bhfuil a leanas fíor faoi na scairshealbhóirí nó faoi na daoine atá ceangailte leis na scairshealbhóirí, i dtaca le faoiseamh atá éilithe anois:

\* 10.1.1 An ndearnadh a scaireanna sa chuideachta a athcheannach nó a fhuascailt [alt 497(3)(a)]? Rinneadh  Ní dhearnadh

\* 10.1.2 An ndearnadh a scaireanna sa chuideachta a cheannach ag cuideachta ceangailte leis an gcuideachta [alt 497(6)]? Rinneadh  Ní dhearnadh

\* 10.1.3 An ndearnadh aisíoc ar fhiachas s'acu, seachas fiachas a tabhaíodh i soláthar earraí agus seirbhísí, a bhí amuigh ar feadh níos lú ná 6 mhí [alt 497(3)(b)]? Rinneadh  Ní dhearnadh

\* 10.1.4 An bhfuair siad iasacht ón gcuideachta [alt 497(3)(e)]? Fuair  Ní bhfuair

\* 10.1.5 An bhfuair siad aon sochar eile ón gcuideachta, de réir mar atá san achoimre in alt 497(3), alt 497(5) agus alt 497(6)? Fuair  Ní bhfuair

\* 10.2 Sa tréimhse dhá bhliain roimh eisiúint na scaireanna, an raibh aon cheann díobh seo a leanas fíor faoi na scairshealbhóirí (seachas iad siúd ar deonaíodh faoiseamh BES / SURE / Eil ina leith):

\* 10.2.1 An ndearnadh a scaireanna sa chuideachta a athcheannach nó a fhuascailt [alt 499(1)]? Rinneadh  Ní dhearnadh

\* 10.2.2 An bhfuair siad aon luach ón gcuideachta seachas íocaíochtaí a rinneadh ar chomaoin iomlán [alt 499(9)] Fuair  Ní bhfuair

## 11. Toradh ar Luach – tar éis eisiúint na scaireanna [alt 497(10)(a) agus alt 499(5)]

\* 11.1 Sa tréimhse ceithre bliana ón tsaincheist scaire a bhfuil faoiseamh á éileamh ina leith anois, táthar ag súil go ndéanfaidh aon scairshealbhóirí a bhfuil faoiseamh anois éilithe ina leith:

\* 11.1.1 An ndéanfar a scaireanna sa chuideachta a athcheannach nó a fhuascailt [alt 497(3)(a)]? Déanfar  Ní dhéanfar

\* 11.1.2 An ndéanfar a scaireanna sa chuideachta a cheannach ag cuideachta ceangailte leis an gcuideachta [alt 497(6)] Déanfar  Ní dhéanfar

\* 11.1.3 An mbeidh aisíoc déanta ar fhiachas s'acu, seachas fiachas a tabhaíodh i soláthar earraí agus seirbhísí, a bhí amuigh ar feadh níos lú ná 6 mhí [alt 497(3)(b)]? Beidh  Ní bheidh

\* 11.1.4 An bhfaighidh siad iasacht ón gcuideachta [alt 497(e)]? Gheobhaidh  Ní bhfaighidh

\* 11.1.5 An bhfaighidh siad aon sochar eile ón gcuideachta, de réir mar atá san achoimre in alt 497(3), alt 497(5) agus alt 497(6)? Gheobhaidh  Ní bhfaighidh

\* 11.2 Sa tréimhse ceithre bliana roimh eisiúint na scaireanna, táthar ag súil go mbeidh aon scairshealbhóirí (seachas iad siúd ar deonaíodh faoiseamh BES / SURE / EII ina leith):

\* 11.2.1 An ndéanfar a scaireanna sa chuideachta a athcheannach nó a fhuascailt [alt 499(1)]? Déanfar  Ní dhéanfar

\* 11.2.2 An bhfaighidh siad aon luach ón gcuideachta seachas íocaíochtaí a rinneadh ar chomaoin iomlán [alt 499(9)] Gheobhaidh  Ní bhfaighidh

## Nótaí

- An cuspóir leis an Ráiteas agus an dearbhú seo a thabhairt ná údarú a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú faoisimh a eisiúint ar an bhFoirm EII 3.

Ach amháin sa chás gur eisigh an chuideachta deimhniú faoisimh ar an bhfoirm EII 3, ní fhéadtar cead a thabhairt do dhuine aonair éileamh ar fhaoiseamh a dhéanamh i leith suibscríbhinn le haghaidh scaireanna incháilithe i gcuideachta cáilithe.

Ní fhéadtar deimhniú den chineál sin a eisiúint go dtí go dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim údarú don chuideachta é sin a dhéanamh ar an bhfoirm EII 2.

Chun an t-údarú a fháil deimhniú a eisiúint, ní mór do chuideachta an t-eolas riachtanach ar an bhfoirm seo (EII 1) a thabhairt.

Tá cuideachta faoi dhliteanas pionós €4,000 as foirm EII 3 a eisiúint gan údarú na gCoimisinéirí Ioncaim ar an bhfoirm EII 2.
- Tá tuilleadh treoracha faoin scéim EII ar fáil sa Lámhleabhar Cánach agus Dleachta, Cuid 16-00-10, agus ba chóir breathnú air seo roimh an ráiteas seo a chomhlánú.
- Sa chás go bhfuil iarratas déanta ag cuideachta deimhniú a fháil go bhfuil cuideachta áirithe ina Cuideachta Cáilitheach, agus eolas curtha ar fáil san iarratas sin a chlúdaíonn na ceisteanna ar an bhfoirm atá i gcló liath, ní gá na ceisteanna sin a fhreagairt arís **ar an gcoinníoll** nach bhfuil aon athrú ann ar an suíomh a tuairiscíodh do na Coimisinéirí Ioncaim roimhe sin.
- Nuair atá scaireanna incháilithe eisithe ar dhátaí éagsúla, ní mór EII 1 ar leithligh a chomhlánú i dtaca le gach eisiúint.
- Gach rud atá le déanamh ag cuideachta faoi na hAchtanna Cánacha, is tríd an rúnaí nó an duine atá ag gníomhú mar rúnaí na cuideachta is gá iad a dhéanamh (Féach alt 1044(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997).
- Tugtar do d'aird na fíricí seo a leanas:

  - Faoi rialacha carntha an AE i leith cúnamh Stáit, tá an méid seo a leanas le tabhairt faoi deara maidir le sonraí iomlána cuideachta tairbhí a fuair cúnamh Stáit i bhfoirm na Dreasachta Fostaíochta agus Infheistíochta (EII) agus Aisíocaíochtaí d'Fhiontraithe Gnólachtaí Nuathionscanta (SURE):

    - ní mór na sonraí iomlána úd a chur in iúl don Choimisiún Eorpach;
    - foilseofar na sonraí ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar shuíomh idirlín an Choimisiúin Eorpaigh;
    - féadtar é a chur ar fáil do chomhlachtaí eile Stáit a bhfuil freagracht acu as scéimeanna eile cúnamh Stáit a riar.
  - Le deonú faoiseamh SURE nó EII, féadtar tionchar a bheith aige ar iarratais na cuideachta amach anseo ar scéimeanna eile cúnamh Stáit.
- Ní dhéileálfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le haon cheisteanna a bhaineann le carnadh rialacha cúnamh Stáit an AE. Ba chóir aon cheisteanna den chineál sin a chur ar an gcomhlacht Stáit atá freagrach as riar an chúnamh Stáit atá i gceist.
- Sainmhíniú ar Mhícrifhiontair, Fiontair Bheaga & Mheánmhéide:

  - is fiontar meánmhéide é fiontar a bhfuil níos lú ná 250 fostaí aige agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50 milliún, nó clár comhardaithe nach mó ná €43 milliún;
  - is fiontar beag é fiontar a bhfuil níos lú ná 50 fostaí aige agus láimhdeachas bliantúil agus/nó clár comhardaithe nach mó ná €10 milliún;
  - is mícrifhiontar é fiontar a bhfuil níos lú ná 10 fostaí aige agus láimhdeachas bliantúil agus/nó clár comhardaithe nach mó ná €2 milliún.



9. Meastar gnóthas a bheith ina “ghnóthas a bhfuil deacrachtaí aige”, nuair atá sé nach mór cinnte, gan idirghabháil Stáit, go mbeidh sé as gnó sa ghearrthearma nó sa mheántearma. Meastar, mar sin, deacrachtaí a bheith ag gnóthas má tharlaíonn ar a laghad ceann amháin de na cúinsí seo a leanas:
- (a) I gcás cuideachta faoi dhliteanas teoranta, nuair atá os cionn leath dá scairchaipiteal suibscríofa agus os cionn leath dá scairbhiseach imithe de dheasca caillteanais charntha. Is é seo an cás nuair a bhíonn méid carntha diúltach atá níos mó ná leath den scairchaipiteal suibscríofa ann de dheasca caillteanais charntha a asbhaint ó chúlchistí (agus ó chodanna eile a mheastar go hiondúil a bheith mar chuid de chistí na cuideachta).
  - (a) I gcás cuideachta neamhtheoranta nuair atá os cionn leath dá scairchaipiteal, mar atá léirithe ar chuntais na cuideachta, imithe de dheasca caillteanais charntha.
  - (c) Nuair atá an gnóthas faoi réir comhimeachtaí dócmhainneachta nó má chomhlíonann sé na critéir faoina dhlí intíre as ucht a bheith curtha i gcomhimeachtaí dócmhainneachta ar iarratas óna chreidiúnaithe.
10. Meastar dhá fhiontar (ar gnóthais iad a bheith á reáchtáil ag cuideachta nó ag trádálaí aonair) a bheith ceangailte sa chás:
- (a) go bhfuil formhór na gceart vótála ag fiontar amháin san fhiontar eile,
  - (b) go bhféadfaidh fiontar amháin bord an fhiontair eile a rialú,
  - (c) go bhfuil ceart ag fiontar amháin rialú ceannasach a fheidhmiú ar an bhfiontar eile mar gheall ar chonradh nó rud éigin i mbunreacht na gcuideachtaí, nó
  - (d) go bhféadfaidh fiontar amháin, ar scairshealbhóir é i bhfiontar eile, an fiontar eile a rialú go hiarbhír mar gheall ar chomhaontú scairshealbhóirí.
- Ní mór breithniú a dhéanamh cé acu an mbeadh nó nach mbeadh feidhm ag (a) go (d) dá rianófaí an gaol trí dhuine nádúrtha, nó grúpa daoine nádúrtha ag feidhmiú i dteannta a chéile. Nuair a rianaítear gaol trí dhuine nádúrtha, ní bheidh ceangal idir na fiontair ach amháin nuair atá an dá fhiontar sa margadh céanna nó i margaí tadhlach leo (is é sin, iad ag feidhmiú i margadh iartheachtach nó réamhtheachtach na cuideachta cáilithí).
11. Meastar dhá fhiontar a bheith ina bhfiontair chomhpháirtíochta nuair nach fiontair ceangailte iad agus nuair atá 25% nó níos mó de scairchaipiteal nó de chearta vótála fiontair amháin ag fiontar eile (bíodh sé go heisiach nó i dteannta le fiontair cheangailte eile). Nuair a rianaítear gaol trí dhuine nádúrtha, ní bheidh na fiontair ina bhfiontair chomhpháirtíochta ach amháin nuair atá an dá fhiontar sa margadh céanna nó i margaí tadhlach leo (is é sin, iad ag feidhmiú i margadh iartheachtach nó réamhtheachtach na cuideachta cáilithí).
12. Is fiontar uathrialach é fiontar nach bhfuil aon fhiontair cheangailte ná fiontair chomhpháirtíochta aige.



Anailís ioncaim shamplach (féach ar 1.13.2)

	2017	2016	2015	2014
	€	€	€	€
Foinse (Ús, mar shampla)				
Cur síos: mar shampla, ioncam úis a tuilleadh ó airgid infhaighte ón mbabhta maoinithe a thaisceadh go dtí go dteastaíonn sé le haghaidh gníomhaíochtaí T&F.				

## Tuilleadh Eolais